Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Feabhra 2018**
**(OR. en)**

**6420/18**

**COASI 39**
**ASIE 10**
**RELEX 149**
**CFSP/PESC 168**
**ONU 16**
**COHOM 32**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 6121/18 |
| Ábhar: | Oileáin Mhaildíve<br>- Conclúidí ón gComhairle (26 Feabhra 2018) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le hOileáin Mhaildíve, arna nglacadh ag an gComhairle ag an 3598ú cruinniú dá cuid a reáchtáladh ar an 26 Feabhra 2018.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le hOileáin Mhaildíve**

1. Is díol imní don Chomhairle an meath atá tagtha ar chúrsaí le déanaí in Oileáin Mhaildíve, agus iarrann sí ar gach duine sa tír, go háirithe na fórsaí forfheidhmithe dlí, guaim a choinneáil orthu féin maidir lena ngníomhaíochtaí.

2. Thug an Chomhairle dá haire an cinneadh dar dáta 1 Feabhra 2018 ó Chúirt Uachtarach Oileáin Mhaildíve amhras a chaitheamh ar bhailíocht na n-imeachtaí coiriúla a tugadh in aghaidh mórphearsana polaitiúla agus a ordú go scaoilfí saor láithreach iad. Thug an Chúirt Uachtarach cinneadh uaithi freisin maidir lena bpost a thabhairt ar ais do 12 chomhalta de chuid na Parlaiminte.

3. Cuireann an Chomhairle i dtreis gur cheart a chur ar chumas na parlaiminte agus na mbreithiúna filleadh ar a ngnáthchúraimí i gcomhréir leis an mBunreacht.

4. Tá an Chomhairle ag súil go gcuirfidh institiúidí inniúla Oileáin Mhaildíve deireadh láithreach leis an staid éigeandála, agus go n-athbhunófar na cearta uile a ráthaítear leis an mBunreacht. Iarrann an Chomhairle ar údaráis Oileáin Mhaildíve urraim a thabhairt don smacht reachta, agus cearta bunúsacha an duine a chosaint, lena n-áirítear saoirse cainte agus an ceart go gcuirfí duine ar a thriail go cóir. Cáineann an Chomhairle gach cás inar gabhadh daoine ar chúiseanna polaitiúla agus iarrann sí go scaoilfí gach príosúnach polaitiúil saor láithreach. Cáineann an Chomhairle aon chur isteach ar an obair a dhéanann Cúirt Uachtarach Oileáin Mhaildíve agus na gníomhaíochtaí a rinneadh in aghaidh na mbreithiúna.

5. Is údar imní don Chomhairle cúrsaí a bheith mar atá agus an iarmhairt a d'fhéadfadh an staid reatha a fhágáil ar shlándáil chónaitheoirí ón gcoigríoch agus ar chuairteoirí, turasóirí ina measc.

6. Níl cúrsaí mar atá ag teacht le prionsabail an smachta dhaonlathaigh ná le scaradh na gcumhachtaí. Mura bhfeabhsóidh an scéal, féadfaidh an Chomhairle féachaint le bearta sonracha spriocdhírithe a thabhairt isteach.

7. Iarrann an Chomhairle ar Rialtas Oileáin Mhaildíve dul i mbun fíor-idirphlé le ceannairí an fhreasúra chun an bealach a réiteach do thoghcháin uachtaránachta a bheith inchreidte, trédhearcach agus cuimsitheach. Tá an tAontas réidh chun tacú leis na Náisiúin Aontaithe idirphlé den chineál sin a éascú.